# Gearrscannáin

don chéad bhliain

# Scoileanna T1

| | |
|---|---|
| <br>**An tÁdh**<br>**(2010) 20:10n.**<br>Le Síol Scéal do TG4 | Scéal é seo atá bunaithe ar shaothar Phádraig Uí Chonaire. Is iomaí casadh sa saol seo ach is beag an chuimhne a bhíonn ag Liam ar an méid atá i ndán dó nuair a shocraíonn sé dul go hÁrainn chuig cluiche peile. Nuair nach mbíonn ach áit do bheirt ar bhád Thom Bhig, tagann Liam ar phlean a chuireann athrú tubaisteach ar a shaol go deo. Seo lá nach ndéanfaidh Liam dearmad go brách air.<br><br>Ar fáil ar TG4 Foghlaim ag an nasc seo<br>https://foghlaim.tg4.ie/ceacht/5721542459001 |
| <br>**An Teanga Rúnda**<br>**(2004) 13:17 n.**<br>Le Fastnet Films i gcomhar le Bord Scannán na hÉireann & TG4 | Gaeilge a labhraíonn James agus a athair, Micheál, nuair a bhíonn siad i mbun a ngnó spiaireachta rúnda. Ní fhéadfaidh máthair James fáil amach faoi na misin rúnda a bhíonn ar bun acu. Ach luath nó mall, beidh a fhios ag gach duine faoin méid a bhíonn ar siúl acu.<br><br>Ar fáil ar TG4 Foghlaim ag an nasc seo<br>https://foghlaim.tg4.ie/ceacht/5722534894001 |

| | |
|---|---|
| <br>**Clare sa Spéir**<br>**(2000)**<br>**19:28n.**<br>Le Zanzibar Productions i gcomhar le Bord Scannán na hÉireann & TG4 | Cé a chreidfeadh go mbeadh bean ina cónaí thuas i dtighín crainn in eastát tithíochta ar imeall Bhaile Átha Cliath?<br><br>Ar fáil ar TG4 Foghlaim ag an nasc seo<br>https://foghlaim.tg4.ie/ceacht/5722527562001 |
| <br>**Cúilín Dualach**<br>**(2004)**<br>**12:15n.**<br>Le Cartoon Saloon i gcomhar le Bord Scannán na hÉireann & TG4 | Nuair a thagann Cúilín ar an saol, bíonn a cheann iompaithe siar. Bíonn grá ag a mháthair dó ón tús ach ní bhíonn aird ag aon duine eile air, fiú a athair féin. Ar feadh a shaoil, bíonn Cúilín ag iarraidh grá agus meas a athar a tharraingt chuige féin ach nuair a éiríonn leis bíonn sé ró-mhall.<br><br>Ar fáil ar TG4 Foghlaim ag an nasc seo<br>https://foghlaim.tg4.ie/ceacht/5722515807001 |
| <br>**Céad Ghrá**<br>**(2014)** **11:30n.**<br>TW Films i gcomhar le Bord Scannán na hÉireann | Téann beirt dhlúthchara ar lorg a gcéad ghrá.<br><br>Ar fáil ar Fís Éireann ag an nasc seo<br>**https://www.screenireland.ie/directory/view/1825/c%C3%A9ad-ghr%C3%A1/archive** |